Réamhrá

Ollrith náisiúnta timpeall na hÉireann is ea Rith 2012. Iomprófar an baitín sealaíochta ó Ghaoth Dobhair go hInis Mór, trí Bhéal Feirste, Mhuineachán, Bhaile Átha Cliath, Chill Dara, Luimneach, Ghaillimh agus áiteanna eile nach iad. Trí phlé a dhéanamh ar an bhféile agus ar an gcúrsa is féidir le páistí a fhorbairt **ar an gceantar áitiúil**, ar ionaid thábhachtacha agus gnéithe fisiceacha sa réigiún agus sa tír, agus ar **dhaoine agus ar phobail** in Éirinn. Cabhróidh na gníomhaíochtaí faoi logainmneacha leo imscrúdú níos déine a dhéanamh ar **an imshaoil nádúrtha** thart timpeall orthu, agus tá moltaí san aonad freisin a thacóidh leo **scileanna grafacha, léarscáile agus imscrúduithe** a fhorbairt. Tá dúshlán breise san aonad freisin, inar féidir leis na páistí imscrúdú a dhéanamh ar phobail éagsúla san Eoraip, a bhfuil teanga neamhfhorleathan á labhairt acu. Ag deireadh an aonaid beidh na páistí in ann cur isteach ar chomórtas ealaíne chun duaiseanna aonair agus duais ranga a bhuachan.

Cuspóirí

- Go bhforbródh na páistí scileanna grafacha agus léarscáile.
- Go mbeadh na páistí in ann treoracha a thabhairt agus a leanúint.
- Go gcuirfeadh na páistí eolas ar a gceantar féin, ó thaobh imshaoil dhaonna agus nádúrtha de.
- Go mbeadh eolas ag na páistí ar phríomhghnéithe daonna de thíreolaíocht na hÉireann: cúigí, contaetha, bailte.
- Go dtuigfeadh na páistí brí na logainmneacha coitianta agus trí sin go gcuirfeadh siad eolas ar ghnéithe den imshaoil nádúrtha in Éirinn agus ina gceantar féin ach go háirithe.
- Dúshlán breise: go gcuirfeadh na páistí túseolas ar phobail agus ar chríocha san Eoraip ina bhfuil teangacha neamhfhorleathana á labhairt.

Acmhainní

- Pacáiste Rith 2012
  - Bileoga Oibre > Aonad 2 > Uimh. 4-10
  - Póstaeir: Cúrsa Rith 2012, Teangacha san Aontas Eoraip
  - Físeán: Amhrán Rith 2010
  - Taispeántais PowerPoint: (1) Grianghraif Rith 2010; (2) Logainmneacha Coitianta agus (3) Rith 2012 - Timpeall na Tíre
- Léarscáil na hÉireann
- Grianghraif/pictiúir de radharcanna cáiliúla in áiteanna éagsúla in Éirinn
- Léarscáil *Google Maps* de chúrsa Rith 2012 ar www.rith.ie
- Ábhar chun póstaeir a dhearadh: cairtpháipéar, páipéar daite, taos, siosúir, grianghraif, srl

Cur chuige: roinnt moltaí

Spreagadh spéise

- Seinn an físeán de **Amhrán Rith 2010**, nó taispeáin na **Grianghraif Rith 2010**. Cuir ceisteanna chun na háiteanna/amanna éagsúla ina raibh na daoine ag rith a éileamh. M.sh. *sa bhaile mór, ar scoil, sa pháirc, ar an mbóthar, san oíche, i rith an lae, cois locha, srl.* An aithníonn na páistí aon chuid de na háiteanna atá le feiceáil?

- Taispeáin an **Póstaer - Cúrsa Rith 2012** (cóip chrua sa phaca, nó mar PDF). Mínigh go mbeidh daoine ag dul ag rith arís, agus tabhair roinnt fíric – beidh 50,000 duine ag rith, rithfidh siad 1,000 km, beidh siad ag rith ar feadh 10 lá.

Éire – Imshaol dhaonna agus nádúrtha

- Cleacht ainmneacha na gcontaetha trí Ghaeilge, ag baint úsáide as léarscáil na hÉireann. Ansin bain triail as cuid de na bailte. Is féidir cleachtadh a dhéanamh i mbeirteanna – páiste A ag féachaint ar an léarscáil agus páiste B ag féachaint sa treo eile. Ainmníonn páiste A baile agus bíonn ar an bpáiste eile an contae a thabhairt. Cé mhéad is féidir leis/léi a ainmniú i 30 soicind?
- Féach ar an bpóstaer **Cúrsa Rith 2012**. Ainmnigh na bailte ar an gcúrsa agus iarr ar na páistí an contae ina bhfuil siad a thabhairt. Anois, scríobh liosta de na contaetha a mbeidh Rith 2012 ag dul tríothu. Bain úsáid as **Bileog Oibre 6 nó 7** chun cleachtadh a dhéanamh ar ainmneacha na gcontaetha as Gaeilge.
- Ainmnigh cuid de na háiteanna ar an gcúrsa agus cuir ceist an raibh páistí sa rang riamh iontu? Cad a chonaic siad? M.sh. *An raibh tú i mBaile Átha Cliath riamh? An bhfaca tú an Spíce?* Taispeáin pictiúr de radharcanna cáiliúla in áiteanna éagsúla in Éirinn. Tá roinnt pictiúr sa taispeántas **PowerPoint - Timpeall na Tíre** mar thúsphointe. Pléigh na pictiúir leis na páistí. *M.sh. Cá bhfuil an Earagail? Cén áit ina bhfuil an Phláinéadlann*?
- **Scríbhneoireacht 1**: Iarr ar na páistí tábla a chruthú ina mbeidh liosta d'áiteanna cáiliúla i ngach contae. Bheadh an ghníomhaíocht seo oiriúnach do pháistí nach bhfuil muiníneach as a gcumas scríbhneoireachta sa Ghaeilge. Cuir na páistí ag obair i ngrúpaí chun liosta a dhéanamh de na radharcanna agus na hionaid cáiliúla i ngach cúige.
- **Scríbhneoireacht 2**: Iarr ar na páistí grianghraif nó pictiúr d'áit nó ionad cáiliúil in Éirinn a aimsiú sa bhaile – grianghraf a thóg siad ar a laethanta saoire, cárta poist, nó pictiúr ón idirlíon. Iarr orthu giota beag scríobh faoin bpictiúr. Is féidir teimpléad a thabhairt ar an gclár bán mar chabhair do pháistí nach bhfuil taithí acu ar scríbhneoireacht fheidhmeach trí Ghaeilge, m.sh. *Seo _____. Tá sé i gCúige . _____, i gContae _____. Chonaic mé é sa bhliain _____. Fuair mé an pictiúr seo _____. Bíonn (Bhíodh) daoine ag _____ san áit seo. Roghnaigh mé an pictiúr seo mar _____.*

Scileanna léarscáile agus grafacha

- Cleacht na treoracha *cas ar chlé*, *cas ar dheis* agus *téigh díreach ar aghaidh*, agus na téarmaí *timpeallán, soilsí tráchta, srl.* Mar shampla, páistí ag tabhairt treoracha éagsúla dá chéile chun áiteanna/pointí faoi leith a shroicheadh. Cuir **Bileog Oibre 4** ar taispeáint ar an gclár bán agus déan tuilleadh cleachtaidh ar na treoracha.
- **Cluiche Bacainne**: Cuir na páistí ag obair i mbeirteanna, cóip de **Bhileog 4** ag gach páiste, agus bacainn éigin eatarthu ionas nach féidir leo obair a chéile a fheiceáil. Roghnaíonn páiste A áit ar an léarscáil, agus tugann sé/sí treoracha do pháiste B chun dul ann. Ní ceadaítear an áit a ainmniú. Baintear an bhacainn agus féachann na páistí ar léarscáileanna a chéile – an bhfuil siad san áit chéanna?

- Féach ar an léarscáil de chúrsa Rith 2012 ar an suíomh gréasáin www.rith.ie. Roghnaigh baile nó ceantar amháin ar an gcúrsa agus déan tuilleadh cleachtaidh ar na treoracha leis an rang go léir. Ansin bain triail as rólimirt, m.sh. *duine de fhoireann Rith 2012 ag tabhairt treoracha don tiománaí bus bualadh leo ar maidin, duine a bhí ag rith agus a chuaigh ar strae, duine éigin ag glaoch ar an otharcharr chun teacht agus cabhrú le reathaí atá gortaithe, srl.*
- **Má tá** Rith 2012 ag teacht go ceantar na scoile féach ar an gcuid sin den léarscáil. An aontaíonn na páistí leis an gcúrsa? An féidir leo smaoineamh ar chúrsa níos fearr? Iarr ar na páistí a léarscáil féin de chúrsa Rith 2012 a tharraingt ar **Bhileog Oibre 5**.
- **Muna bhfuil** Rith 2012 ag teacht go ceantar na scoile, iarr ar na páistí cúrsa a phleanáil ar **Bhileog 5** mar b'fhéidir go dtiocfaidh Rith ann amach anseo. D'fhéadfadh páistí i ranganna 5/6 litir a scríobh chuig *Rith, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2*, ag iarraidh ar Rith teacht chuig a gcontae féin, agus ag míniú cén fáth a mbeadh an ceantar go maith chuige.

Eolas a chur ar mo cheantar féin agus ar logainmneacha coitianta

- Pléigh cuid de na logainmneacha atá sa cheantar. *Cén seoladh atá ag an scoil? Cén tsráid/bhaile fearann ina bhfuil sí? Cén fáth a bhfuil an t-ainm sin air?*
- Taispeáin pictiúir chun roinnt de na logainmneacha is coitianta a léiriú - tá taispeántas **Powerpoint – Logainmneacha** ar fáil mar chabhair duit. Cuir ceist ar na páistí ar chuala siad logainmneacha ina raibh na focail sin riamh? An bhfuil aon chuid acu sa cheantar? Iarr ar na páistí féachaint ar chomharthaí bóthair ar feadh cúpla lá, agus liosta a dhéanamh de na logainmneacha Gaeilge go léir a aimsíonn siad.
- Is féidir go leor gníomhaíochtaí a bhunú ar liosta na logainmneacha áitiúla a bhailíonn na páistí. Muna bhfuil mórán bailithe acu, cuir ainmneacha na mbailte ar an **bpóstaer - Cúrsa Rith 2012** leo.
    - Scríobh an liosta iomlán ar an gclár bán agus iarr ar na páistí iad a rangú – na logainmneacha ina bhfuil *Cill, Sráid, Loch srl* ar fad a chur le chéile.
    - Bain úsáid as an suíomh gréasáin www.logainm.ie chun an leagan ceart Béarla agus Gaeilge de logainmneacha an cheantair a aimsiú, agus déan liosta díobh.
    - Ag obair i ngrúpaí, dear agus déan póstaeir chun brí na logainmneacha éagsúla a léiriú.
    - Bain úsáid as **Bileoga Oibre 8/9** chun brí na logainmneacha a dhearbhú, nó iarr ar na páistí a mbileoga féin a dhearadh (bunaithe ar an gceantar áitiúil) agus a mhalartú lena chéile.
- Pléigh tíreolaíocht an cheantair áitiúil - na gnéithe daonna agus nádúrtha de. *Cad atá timpeall na scoile? Cad atá sa bhaile? An bhfuil loch ann? An bhfuil páirc ann? An bhfuil siopa ann?* Déan liosta de na rudaí ar fad atá le feiceáil sa cheantar áitiúil. Scríobh faoin gceantar sa chóipleabhar nó bain úsáid as **Bileog Oibre 10**.
- **Tionscnamh - Mo cheantar féin**. Roinn an rang i ngrúpaí. Ba chóir do gach grúpa gné éagsúil de thíreolaíocht an cheantair a roghnú le póstaer nó taispeántas a dhéanamh faoi - ag brath ar a gcumas féin. D'fheadfadh na páistí pictiúir nó grianghraif a aimsiú agus lipéid a chur orthu ar

phóstaer, giotaí faoin gceantar a scríobh agus a chur ar phóstaer, mionsamhlacha (models) a chruthú, nó an seó PowerPoint mar gheall ar an gceantar a chur le chéile agus labhairt faoi.

Dúshlán breise

Eolas a chur ar phobail agus ar chríocha eile

- Taispeáin an **Póstaer: Teangacha san Aontas Eorpach** (cóip chrua sa phaca nó mar PDF ar chlár bán). Mínigh go mbíonn rás cosúil le rith ar siúl in áiteanna eile san Eoraip. An féidir leis na páistí iad a aimsiú ar an léarscáil. Cé na tíortha ina bhfuil siad, cad is ainm dóibh, agus cén teanga a bhíonn á labhairt ag na daoine ann?
- Bain úsáid as an bpóstaer chun teangacha eile a ainmniú, agus spreag na páistí chun eolas a aimsiú sa bhaile óna tuismitheoirí nó ar an idirlíon agus cúpla focal as gach teanga a fhoghlaim. D'fhéadfaidís an focal RITH a aistriú go roinnt teanga eile.
- Is teanga neamhfhorleathan í an Ghaeilge, mar ní bhíonn sí á labhairt ar fud na háite. *Cad iad na háiteanna is féidir leis na páistí Gaeilge a labhairt, a chloisteáil nó a fheiceáil ina mbaile féin*. Iarr ar na páistí léarscáil den cheantar/den bhaile a tharraingt, agus na háiteanna ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid a mharcáil ann.

Cuir isteach ar chomórtas ealaíne

- Iarr ar na páistí cárta poist nó pictiúr A4 a dhearadh, a léireoidh míniú ar logainm an cheantair, nó níos mó ná ceann amháin. Mar shampla, d'fhéadfaí logainm amháin a roghnú agus an míniú a léiriú i bpictiúr. Nó d'fhéadfadh páiste eile pictiúr níos mó den bhaile a tharraingt, agus lipéid a chur ar chúpla baile fearainn nó ionad tábhachtach sa bhaile. Tuilleadh eolais sa phacáiste seo, nó ar www.rith.ie/comortais.

Tuilleadh eolais agus acmhainní

www.rith.ie Léarscáil den chúrsa	Tá léarscáil mhionsonraithe (Google Maps) de chúrsa Rith 2012 ar fáil ar an suíomh gréasáin, agus liosta de na ciliméadair go léir atá ar fáil.
www.logainm.ie Eolas faoi Logainmneacha	Seo bunachar sonraí (database) de Logainmneacha na hÉireann cruthaithe ag FIONTAR (DCU) i gcomhar leis an mBrainse Logainmneacha. Is féidir an suíomh a úsáid chun an leagan ceart Gaeilge nó Béarla de logainm a dhearbhú. Tá acmhainní oideachais do na ranganna sinsearacha sa bhunscoil ar fáil le híoslódáil.
Léarscáileanna	Léarscáil na hÉireann i nGaeilge ar fáil ó COGG, www.cogg.ie. Póstaer le Contaetha na hÉireann ar fáil ó Ghlór na nGael ar www.udar.ie.